Paróiste an Fheirtéaraigh

Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain, Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach

Fógraí na Seachtaine 7 - 13 Samhain 2026

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Micheál Ó Muimhneacháin 087-6551902.

Beidh cuimhneamh speisialta ar na daoine go léir a cailleadh agus a cuireadh sa pharóiste i rith na bliana agus iad siúd atá luaite ar Liostaí na Samhna
Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 8 Samhain ag 9.00rn
Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 8 Samhain ag 10.00rn
Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 14 Samhain ar a 7.30rn.

Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 15 Samhain ar a 10.00rn
Intinn: 1. Pauline O'Connell (Ní Ainiféin), Cóbh agus Baile an Fheirtéaraigh, C.M.
2. Ita Fitzgerald (Ní Chatháin), An Daingean, 1ú C.B.
3. Páid agus Máirín Uí Shúilleabháin, An Ghráig agus a n-iníon Nuala Lane, C.B.
4. Joan agus Michael Dillane, Baile an Éanaigh agus a Mac Willie, C.B.

Guí an Phobail
Na daoine luaite ar Liostaí na Samhna agus na mairbh go léir.
Donal Ó Cíobháin, Muiríoch agus Sasana a fuair bás le déanaí. Aifreann Sochraide i Séipéal na Carraige, Déardaoin, 12 Samhain ar a 11.00rn.

Aifrinntí i rith na seachtaine
Séipéal Naomh Uinseann
Dé Luain 9.30rn,
Déardaoin 9.30rn.
Séipéal na Carraige
Dé Máirt 9.30rn,
Dé hAoine **6.00in**

Ag Dul Thar Reilig



Beannaím daoibh, a fhíréana Chríost, atá anseo ag feitheamh le haiséirí glórmhar. An Té a d'fhulaing Páis ar bhur son, go dtuga sé suaimhneas síoraí daoibh.

Bailiúchán Speisialta
Beidh bailiúchán speisialta ar mhaithe le Comisiúin na hEaglaise an deireadh seachtaine seo **7/8 Samhain.**

Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh
Tá na clúdaigh do Ofráil an Fhómhair agus Aifrinntí na Samhna dos na Mairbh curtha amach anois. Buíochas ó chroí dos na daoine a thugann amach na clúdaigh dúinn. Téann an t-airgead ós na bailiúcháin seo go dtí tuarastal an tsagairt. Táimid ana bhuíoch as bhur gcabhair agus bhur bhflaithiúlacht agus guímid gach beannacht agus rath oraibh agus ar bhur muintir.
Más mian leat d'ainm a chur ar an liosta cuir glaoch ar Thigh na Sagart.

Anam Cara
Beidh cruinniú ag Anam Cara, **in Óstán Meadowlands, Dé Máirt, 10 Samhain ar a 7.30in.** Is eagraíocht Anam Cara a thugann tacaíocht do dhaoine gur cailleadh leanbh leo. Beidh **oíche eolais arlíne** ar siúl Déardaoin, 19 Samhain, ar a 7.00in. Aoichainteoir Sasha Bates. Clárú www.anamcara.ie nó 01-4045378.

An Mairtíreach: An tAthair Proinsias Ó Súilleabháin O.F.M. (1591-1653)
Beidh léacht dár teideal 'Bráthar Rua na Scairbe' á thabhairt ag an tAthair Billy Hoyne O.F.M. Tosnóidh an ócáid ag an scrín i Mainistir na bProinsiasach i gCill Áirne, Dé Luain, 9 Samhain, ar a 8.00in. Breis eolais ón Athair Tomás Ó Luanaigh 087-2213799. Fáilte roimh chách.

An Soiscéal (Matha 25:12-15)
Chugaibh an fear nuaphósta! Amach libh ina aircis! Tá teachtaireacht soiléir ag an parabal sa léacht seo – bheith réidh bualadh leis an Tiarna nuair a thagann sé. Tá an léacht roghnaithe go cuí agus sinn ag druidim le deireadh bhliain an liotúirge, agus an glaoch a ghabhann leis sin bheith ullamh le teagmháil leis an Tiarna ag deireadh ár saoil, a bheith ag faire de bhrí nach bhfuil a fhios againn an lá ná an uair.



Naomh Mártan (11 Samhain)
Rugadh Naomh Mártan san Úngáir sa bhliain 316. In aois a cúig déag bhí sé ina shaighdiúir in arm na Róimhe. Cuireadh a chathlán go dtí Amiens na Fraince (Gaul) agus is ansúd a thárla míorúilt na fallainge. Lá amháin agus é gar do gheataí na cathrach, chonaic sé bochtán caite ar thaobh na sráid agus é leata leis an bhfuacht. Dhein Mártan dhá leath dá fhallaing agus chuir sé timpeall ar an bhfear bocht é. An oíche san, thaibhsigh Críost é féin do Mhártan agus an leathfhallaing mórthimpeall air, chun a chur in iúl dó go raibh sé buíoch as ucht a chineáltais. Cúpla bliain ina dhiaidh sin baisteadh Mártan agus d'imigh sé leis go cathair eile agus sa bhliain 361 ceapadh é ina easpag ar Tours. Bhailigh daoine mórthimpeall air agus thóg sé mainistreacha cáiliúila sa cheantar san agus an ceann is tabhachtaí Marmoutier (An Mhainistir Mhór) in aice le Tours. Ó aimsear Phádraig tugadh ónóir mhór do Mhártan i gcónaí in Éirinn.

Mí na Samhna
I **gCóiré** gach bliain, bíonn cuimhneachán don nduine atá caillte. Tiocfaidh an chlann go léir agus a mbaineann de ghaolta leis go dtí a thigh chun umhlú dá phictiúir agus béile a ithe ina chuimhne. Beidh col ochtair tagtha uair éigin den lá agus beidh comharsain ag cabhrú go fial sa chistin. Raghaidh duine céad míle ó bhaile chun a bheith ann do lá chuimhne a sheanathar a cailleadh sarar rugadh é féin. Tá a fhios agam féin uaigh atá i mbaile le dhá chéad bliain agus tá sí chomh glan le scilling an t-am go léir. Cailín aimsire a bhí inti i dtigh sa bhaile. Tugann muintir an tí sin fós aire dá huaigh. 'Idir Dhá Shaol' (An tAthair Pádraig Ó Murchú).

Féile 9 Samhain – Tiomnú Bhaisleac na Lataráine
Sa bhliain 324 ar an 9 Samhain, rinne an Pápa Sylvester baisleac Naomh Eoin Lataráine a choisreacan - Príomhbhaisleac an tSlánaitheora a tugadh air. Greanta ar na fallaí laistigh tá na focail seo, *Máthair agus Ceann na dTeampaill Uile sa Chathair agus ar fud an domhain*. Tugtar Teampall Eoin Baiste in Laterano air chomh maith. Chónaigh na pápaí gar don mbaisleac ón gceathrú aois go dtí gur imigh na pápaí go dtí Avignon na Fraince sa bhliain 1309. *Is beannaithe Tigh Dé, is beannaímid féin dó, mar a bhfuil sé leis an dá aspal déag…*
Is beannaithe thú a theampaill an Spioraid Naoimh agus is beannaithe a eaglais na Tríonóide.

Lóistín ag Teastáil ar Shlí Chorca Dhuibhne
Tá cruinniú eolais á eagrú i Halla na Feothanaí, Dé Céadaoin, 25 Samhain ar a 7.00in., chun a mhíniú cad a bheadh i gceist dá mbeadh spéis ag daoine lóistín a chur ar fáil do dhaoine a dheineann Slí Chorca Dhuibhne. Cuir scéal go dtí waw@failteireland.ie chun d'áit a chur in áirithe, roimh Déardaoin, 19 Samhain.

Ciste an Pharóiste €925.00
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean – **IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).**

Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie